Economic Development Waterford Local Community Development Committee	
Economic Development	Forbairt Eacnamúil
Waterford Local Community Development Committee	Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Phort Láirge

Thionóil CFPA (Coiste Forbartha Pobail Áitiúil) Phort Láirge 5 chruinniú in 2015

Bhí an CFPA ag díriú go príomha in 2015 ar mhaoirseacht a dhéanamh ar an gClár Gníomhachtúcháin Phobail um Chuimsiú Sóisialta (CGPCS), ar an gClár Forbartha Tuaithe agus ar ullmhú an Phlean Phobail agus Eacnamúil Áitiúil (PPEA) don tréimhse 2015-2020.

Social Inclusion Community Activation Programme	Clár Gníomhachtaithe Pobail um Chuimsiú Sóisialta
Following a tendering process, Waterford LCDC awarded the contract for the delivery of SICAP across Waterford to Waterford Area Partnership Board	De thoradh phróiseas tairisceana CFPA Phort Láirge tugadh an conradh maidir la soláthar SICAP ar fud Phort Láirge do Bhord Comhpháirtíocht Limistéar Phort Láirge
2015 Budget	Buiséid na bliana 2015

Clár Forbartha Tuaithe	Clár Forbartha Tuaithe
D'éirigh le CFPA Phort Láirge ina iarratas bheith ag feidhmiú mar Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúil (GGA) chun críocha iarratais a chur isteach ar mhaoiniú faoin gClár Forbartha Tuaithe don tréimhse 2015-2020 arbh fhiú € ---.	D'éirigh le CFPA Phort Láirge ina iarratas bheith ag feidhmiú mar Ghrúpa Gníomhaíochta Áitiúil (GGA) chun críocha iarratais a chur isteach ar mhaoiniú faoin gClár Forbartha Tuaithe don tréimhse 2015-2020 arbh fhiú € ---.
Cheadaigh CFPA ceapachán Chomhpháirtíocht LEADER Phort Láirge mar an t-eagras forfheidhmithe chun Chláir na Straitéise Forbartha Áitiúila a ullmhú agus chun cur i bhfeidhm an Phlean Forbartha Tuaithe a riaradh.	Cheadaigh CFPA ceapachán Chomhpháirtíocht LEADER Phort Láirge mar an t-eagras forfheidhmithe chun Chláir na Straitéise Forbartha Áitiúila a ullmhú agus chun cur i bhfeidhm an Phlean Forbartha Tuaithe a riaradh. Fuair CFPA dearbhú ar Nollaig 2015 go raibh an Straitéis Forbartha Áitiúil (FCA) ag sásamh coinníollacha an Choiste Náisiúnta um Roghnú Neamhspleách maidir leis an gcur i bhfeidhm

Local Economic and Community Plan 2015 -2020	Plean Pobail agus Eacnamaíoch Áitiúil Phort Láirge 2015-2020
Waterford LCDC had a key role in preparing the community elements of the Local Economic and Community Plan (LECP) which was formally adopted by Waterford City and County Council on July 9th 2015	Bhí ról lárnach ag CFPA Phort Láirge maidir le hullmhú na n-eilimintí pobail den Plean Pobail agus Eacnamaíoch Áitiúil (PPEA) ar ghlac Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge go foirmeálta leis an 9 Iúil, 2015.

	
Economic Development	Forbairt Eacnamúil
Tourism Promotion	Turasóireacht a Chur Chun Cinn

In 2015, lainseáil Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge branda nua turasóireachta: 'Waterford, Where Ireland Begins'.

Ar feadh na bliana 2015 bhí Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ag obair i gcomhar le

páirtithe iomadúla ag déanamh bolscaireachta agus margaíochta ar son Phort Láirge, agus ag díol a bhranda.

Rinneadh cuid mhór thráchtaireachta ar Phort Láirge in 2015; bhí gnéchláir ar Nationwide agus ar chláir eile a bhain le béascna maireachtála agus tarraingaíodh gné-ailt taistil i nuachtáin agus in irisí araon.

Lismore Best Small Tourism Town	Lios Mór an Baile Beag is fearr Turasóireacht
Ardmore was also shortlisted in the nation's top 10 Tourism Towns	Bhí Aird Mhór ar an ngearrliosta freisin sa chatagóir: na 10 mBaile Turasóireachta is fearr sa tír

Bhí Triantán Lochlannach Phort Láirge ar an ngearrliosta sna catagóirí: Nuálaíocht Turasóireachta Údaráis Áitiúil is Fearr agus An Eachtra Cultúrtha is Fearr ag ócáid Bronnta Ghradaim Thionscal Turasóireachta na hÉireann den chéad uair.

Bhí comharobair ar siúl idir Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, Comhairle Contae Chill Chainnigh, Comhairle Contae Loch Garman agus Aerfort Phort Láirge ag tionscadal margaíochta sa Ríocht Aontaithe don Oirdheisceart a rabhthas ag díriú ar Birmingham agus ar Londain ar an raidió agus trí chláir fhógraí.

Thug Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge tacaíocht do Thuras Díolacháin agusTrádála go dtí Stáit Aontaithe Mheiriceá a bhí dírithe ar Oibreoirí Turais Longa Cúrsála.

Rinneadh láithreoireacht bholscaireachta ar son Phort Láirge d'oibreoirí turais in Atlanta agus i Florida mar chuid den imeacht 'Jump into Ireland' a d'eagraigh Tourism Ireland in Aibreán 2015, agus rinneadh bolscaireacht ar a shon freisin ag Aonach Trádála Idirnáisiúnta a d'eagraigh 'Meitheal' Fáilte Éireann i mBaile Átha Cliath.

Economic Development	Forbairt Eacnamúil
Destination Waterford Tourism Committee	Coiste Turasóireachta 'Ceann Scríbe Port Láirge'

Chuir Coiste Turasóireachfeidhmíocht Phort Láirge mar cheann scríbe turasóireachta a thomhas agus maidir le hOiliúint faoi Cheann Scríbe Turasóireachta.

- **Bhí Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ag obair i bpáirt le WIT (Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge) agus le Comhlachais Tráchtála Phort Láirge ag tacú le tionscnamh bailithe agus anailísithe sonraí chun feidhmíocht Phort Láirge mar cheann scríbe turasóireachta a thomhas, rud a chinnteoidh go mbainfidh tionscal na turasóireachta buaic a thualainge amach mar thionscal ginte tionchair eacnamúil.**

- **Cuireadh oiliúint um cheann scríbe turasóireachta ar fáil don fhoireann is túisce a chastar orthu i mbeáir agus in óstáin sa chathair. Ba é 'Destination Waterford' a d'eagraígh an oiliúint agus ba é Fáilte Ireland a chur ar fáil í i gCathair Phort Láirge, i nDún Garbhán agus sa Trá Mhór.**

- **Mar chuid den oiliúint, tugadh cuireadh do roinnt fostaithe dul i dtaithí ar na taitneamhachtaí turasóireachta ba mhó le rá i bPort Láirge le súil is go mbeadh siad in inmhe dá bharr na nithe ba mhó ba dhíol spéise iad do chuairteoirí ar Phort Láirge a mholadh go pearsanta. Cuireann sin ar chumas fostaithe tuiscint a fháil ar raon na dtaitneamhachtaí agus na ngníomhaíochtaí turasóireachta atá ar fáil sa Chathair agus sa Chontae. Chlúdaigh oiliúint na bliana 2015 “Ireland’s Ancient East” branda turasóireachta nua dár gcuid.**

Local Enterprise Office	Oifig Fiontair Áitiúil

Chun bheith i dteideal tacaíochta ó OFA Phort Láirge (Oifig Fiontair Áitiúil) ní mór d'iarratasóirí na héilimh seo a leanas a shásamh:

- **Bheith ina micreathionscadal le 1 -10 bhfostaí.**
- **Bheith ina ngnó lánaimseartha laistigh de limistéar Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge.**
- **Bheith in ann a léiriú go bhfuil margadh ann don táirge/tseirbhís.**
- **Ní mór go bhfuiltear ag oibriú i réimse tráchtála.**

Ar na na cineálacha deontas/tacaíochtaí ar fáil áirítear:

Deontais faoi Bheart 1

(Ní mór d'iarrthóirí bheith i mbun monaraíochta nó ag cur seirbhíse ar fáil a d'fhéadfaí a thrádáil go hidirnáisiúnta)

Deontais Staidéar Indéantachta

Deontais Phriontála

Deontais Leathnaithe Gnó

Deontais faoi Bheart 2

Cúnamh Margaíochta

Cúnamh Margaíochta Onnmharaithe

Dearbháin Trádála Ar Líne: Arna Mhaoiniú ag an Roinn Cumarsáide

Cúnamh Trádála ar Líne

Meantóireacht

Tá tuilleadh eolais maidir le tacaíochtaí OFA agus le hincháilitheacht ar fáil ag www.localenterprise.ie/Waterford/

Festivals and Concerts	
Festivals and Concerts	Féilte agus Ceolchoirmeacha

38

Waterford Museum of Treasures, Three Museums in the Viking Triangle	
Waterford Museum and Treasures, Three Museums in the Viking Triangle	Iarsmalann Phort Láirge agus Waterford Treasures Treasures, Trí Iarsmalann sa Triantán Lochlannach

Is institiúid chultúrtha í Waterford Treasures, an t-aon cheann dá sort in Éirinn atá oscailte seacht lá sa tseachtain, 362 lá sa bhliain. D'fhonn freastal a dhéanamh do thurasóirí bíonn an Iarsmalann ar oscailt go dtí 6:00 i.n. le linn na míonna Bealtaine, Meitheamh, Iúil, Lúnasa agus Meán Fómhair.

D'fhonn freastal a dhéanamh don Fhéile Winterval ag deireadh mhí na Samhna agus ag Nollaig bíonn Iarsmalann na Meánaoise ar oscailt go dtí 8.00 i.n.ag an deireadh seachtaine.

Is ionann agus 96,390 líon iomlán na gcuairteoirí go dtí na trí Iarsmalann is cuid den Iarsmalann, 'Waterford Museum of Treasures'

96,390

Tá 132 Chara anois ag an Iarsmalann, an chuid is mó acu ó chathair agus ó chontae Phort Láirge den chuid is mó, a thugann **€150 ar bhonn dé-bhliantúil don Iarsmalann ar a laghad agus tá roinnt daoine aonair ann a thugann €5,000 go bliantúil,** agus is léiriú sin uile ar dhíograis daoine don Iarsmalann. Baintear úsáid as an airgead a chuireann Cairde na hIarsmalainne ar fáil chun iarsmaí a chaomhnú agus chun nithe a bhaineann le stair chathair agus chontae Phort Láirge a cheannach.

Ar na hiasachtaí/bronntanais agus na ceannacháin ba shuntasaí a cuireadh leis na taispeántais in Áras an Easpaig in 2015 bhí

- Dealbhóireacht as adhmad órnite ón 17ú haois 'Baisteadh Chríost ag Eoin Baiste' le Alessandro Algardi.
- Iarsmaí ón 18ú haois lena n-áirítear bosca Bíobla dar dáta 1729.
- Péire Coinnleoirí airgid
- Cupán grámhar dé-láimhe ón 18ú haois arna mhonarú ag fear as Port Láirge.
- Capall luascáin. ón 18ú haois
- Ceannaíodh sparán líon síoda fir uasail ón 18ú haois.
- Ceannaíodh prionta de Chaisleán na Carraige le Thomas Sautelle Robert.
- Dealbh bhrád Cré-umha den Tiarna Roberts.
- Pictiúr mór ón 19ú haois den long Melina a d'oibrigh le cósta Phort Láirge.
- Vása beag aon-bhlátha le suaitheantas Chathair Phort Láirge (i gcuimhne Cholm Long).
- Stair Phort Láirge le Smith le 9 sceitse d' Fhoirgnimh Phort Láirge (iasacht ó Leabharlann Marsh)
- Prionta dubh agus bán de Christ Church.

Iarsmaí a fuarthas ag éirí as achainí phoiblí ar thaispeántas nua 1916 na hIarsmalainne *Other Voices*

- Meirge Denny Salters/Thomas Francis Meagher ón 19ú haois a ndearna an Iarsmalann obair chaomhantais air
- Trí rud phearsanta de chuid Edmund Ignatius Rice.
- Múnla thrinsí an Chéad Chogaidh Dhomhanda.
- Bailiúchán de cuimhneacháin James W Upton, an clódóir a luaitear le hÉirí Amach 1916.
- Claíomh gléasta a tugadh do Lieut. Higgins, mac an Chléirigh Bhaile a throid sa Chéad Chogadh Domhanda• 5 ghrianghraf bunaidh le Poole de Brugha, Markievicz, Bhean Uí Sheehy-Skeffington, De Valera agus den Mhéara Vincent White.
- Píosaí 'Waterford Glass' leis na máistirghreanadóirí Tom Hayes & Heinz Plattner.
- 2 bhonn ó Chogadh na Saoirse.
- Cuimhneacháin Óglaigh na hÉireann agus leabhar síniúcháin ó Inis Píc 1921.
- Bailiúchán de chaoga litir ón gCéad Chogadh Domhanda a scríobh an Saighdiúir Singil Charley Richards chuig a theaghlach i gCearnóg na hArdeaglaise.
- Bailiúchán de litreacha bunaidh ó theaghlach Bhaile Átha Cliath - Phort Láirge arna scríobh le linn Seachtain na Cásca 1916 ina dtugtar sonraí iontacha den scrios a rinneadh i mBaile Átha Cliath le linn an Éirí Amach.

Iasachtaí/bronntanais shuntasacha a cuireadh le Taispeántais Iarsmalann na Meánaoise:

• Dhá chrois altóra as Port Láirge an 15ú haois (ceann amháin ó pharóiste Ráth Ó gCormaic agus an ceann eile ó Chathair Phort Láirg).
• Doiciméad de chineál an-annamh ó 1483 atá sínithe agus séalaithe ag Méara James Rice (séala Bhardas Phort Láirge agus an ceann is luaithe atá ann).
• Mhaoinigh Cairde 'Waterford Treasures' ceannach taobh-bhord daire ón 17ú haois.

Bronntanais shuntasacha eile:

• Bailiúchán de 35 phictiúir de chuid eisimirceach ó Phort Láirge go dtí Rochester, NY, sna 1950aidí atá crochta anois sa Seomra Coiste i Halla na Cathrach.
• Cathaoir ón gCoiste Gairmoideachais (adhmad ó dhroichead Timbertoes) snoite le harmas na cathrach dar dáta 1913.
• Bonn Rómhánach a fuarthas i Mount Pleasant.

Is léiriú iad líon na gclár teilifíse a raibh an Iarsmalann faoi thrácht in 2015, mar atá Channel 4, BBC1 agus an t-eagras craoltóireachta Meiriceánach CNN, ar chlú idirnáisiúnta na hIarsmalainne.

Channel 4 *Treasures of Ireland* - bhí 'Waterford Treasures' ar an t-aon Institiúid Cultúir Neamhnáisiúnta amháin a ndearnadh gnéchlár fúithi ar an gcainéal sin.

BBC I *Journeys through Ireland*

CNN *The Jesus Code* **-** Bhí 'Waterford Treasures'; ar na sé Iarsmalann ón domhan ar fad a ndearnadh gnéchlár fúithi ar an gcainéal sin.

Feabhsúcháin/Ábhar Breise a Cuireadh leis an Triantán Lochlannach

• Ar 2 Iúil, 2015 nocht an tAire Mhic Unfraidh an tacar fichille Lewis agus painéal faisnéise déanta de ghloine.

• Dearadh, táirgeadh agus suiteáladh seacht bpainéal faisnéise gloine breise.

- 2 cheann ar bhinn an Reg
- An Dreidire Portlairge
- Lána an Chathaoirligh
- Liostaí de ghradaim Iarsmalann na Meánaoise
- Brick Lane

Arts Services	
Arts Services	Seirbhísí Ealaíon

Thug an Oifig Ealaíon tacaíocht in 2015 do chuimse imeachtaí Náisiúnta, mar shampla:

beltainefestival
SEACHTAIN GAEILGE

Fuair an clár Ealaíon bliantúil tacaíocht ó

arts council ealaíon funding the arts	
do thionscadail a leithéidí:	

.

- Artlinks, trína dtugtar tacaíocht d'fhorbairt ghairmiúil ealaíontóirí i bPort Láirge.
- Tionscadail maidir leis na healaíona san oideachas.
- Tionscadail ealaíon i gcomhthéacs pobail

Johnny I Hardly Knew Ye — The Arts Office commissioned a new play by Waterford playwright Jim Nolan 'Johnny I Hardly Knew Ye' - a topical and provocative contribution to the Easter Rising Centenary Commemoration 2016.	The Arts Office worked with the European Capital of Culture 2020 bid team under the Three Sisters banner. THREE SISTERS 2020

The Arts Office commissioned a new play by Waterford play-wright Jim Nolan 'Johnny I Hardly Knew Ye' - a topical and provocative contribution to the Easter Rising Centenary Commemoration 2016.	Choimisiúnaigh an Oifig Ealaíon dráma nua leis an drámadóir Jim Nolan ó Phort Láirge - 'Johnny I Hardly Knew Ye' - scríbhinn thráthúil agus ghríosaitheach maidir le Cuimhneacháin Éirí Amach 2016,
The Arts Office worked with the European Capital of Culture 2020 bid team under the Three Sisters banner.	D'oibrigh an Oifig Ealaíon i gcomhar leis an bhfoireann tairisceana um Príomhchathair Chultúrtha na hEorpa 2020 faoi mheirge an Triúr Deirfeár.

Os rud é gur fiche bliain ó shin a bhásaigh an Scríbhneoir Seán Ó Duinn ó Phort Láirge cuireadh imeachtaí speisialta ar siúl in 2015, ag Deireadh Seachtaine Scríbhneoirí Phort Láirge in ómós dá oidhreacht litearthachta.

Reáchtáil an Oifig Ealaíon dhá imeacht bhronnta hradam litríochta náisiúnta, Gradam Molly Keane na Scríbhneoireachta Cruthaithí agus Gradam Bliantúil Sheán Ó Duinn na bhFilí Óga.

Bonneagar

Rinne an tÚdarás Áitiúil ranníocaíochtaí suntasacha don bhonneagar ealaíne trí dheontais do Chleachtadh Ealaíon, d'Fhéilte Ealaíon agus d'Ionaid Ealaíon.

Cuireadh clár taispeántais ar feadh na bliana ar siúl san Ionad Ealaíon i Seanteach an Mhargaidh, i nDún Garbhán agus i nDánlann Greyfriars sa Chathair. Is é Iontaobhas Forbartha Thrá Mhór atá ag oibriú Ionad Cultúrtha an Gharda Chósta i dTrá Mhór i gcónaí. Osclaíodh an Gailearaí Comhaimseartha Soma agus an Gailearaí 'Hive Emerging' faoi stiúir fhoirne feighlíochta. Críochnaíodh an t-athchóiriú ar Amharclann na Cathrach, Dún Garbhán, go déanach in 2015.

Líon na gcinntí a rinneadh laistigh de 8 seachtaine
Líon na gcinntí a raibh gá le tuilleadh eolais

Tréimhse ama ar an meán (laethanta) le cinneadh a dhéanamh sa chás go raibh gá le breis eolais

Líon na gcruinnithe réamhphleanála a tionóladh

Líon na n-iarratas a deonaíodh

551

Líon na n-iarratas ar diúltaíodh dóibh

25

Líon na gcásanna inar dhearbhaigh An Bord Pleanála an cinneadh **13** ó18

Líon na gcásanna a ndearna An Bord Pleanála **athchinneadh** **5** ó 18

- I rith na bliana bhí Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ar an gcéad chomhairle ar bhonn náisiúnta a lainseáil mapa pleanála nua ar líne a oibríonn ar gach gaireas agus i ngach brabhsálaí.
- Tá próiseas atá leictreonach ó thús deireadh curtha i dtoll a chéile againn dár gcláir (Clár Pleanála, Clár Réamhphleanála, Clár Alt 5 srl)

  .
- Tá tuarascálacha ríomhphoist inmheánacha maidir le líon na gcásanna reatha agus le bainisriú staidrimh curtha in alt a chéile againn.
- I rith na bliana 2015, cuireadh mapaí polasaí idirghníomhacha ar fáil ar líne don phobal i réimsí a bhain le Polasaí um Fhuinneamh Gaoithe agus le Sonrú Tithíochta Tuaithe.
- Tá na hiarratais phleanála ar fáil don phobal i bhformáid réaltachta breisithe anois tríd an Aip MapAlerter.

Líon iomlán na gcásanna faoi réir gearáin à imscrúdaíodh
Líon iomlán na ngnáthamh forfheidhmìthe a tionscnaíodh trí litreacha rábhaidh

Líon iomlán na ngnáthamh forfheidhmìthe a tionscnaíodh trí fhógraí forfheidhmithe

Líon na n-ionchúiseamh

• Glacadh le Scéim Rannchuidithe um Fhorbairt do Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge an 12 Feabhra, 2015.

• Tá tacaíocht á tabhairt go leanúnach doThionscnamh na Cathrach Beo.

• Cuireadh ar aghaidh an tAthrú ar na Caibidlí maidir le Caighdeáin Bainistíochta Forbartha sa Phlean Forbartha Cathrach agus Contae atá anois ann. Tá sé i gceist anois é a chur ar taispeáint go poiblí i Márta 2016.

• Tá an t-athbhreithniú ar Thaifead na Struchtúr Cosanta ag dul ar aghaidh go leanúnach; tá méid suntasach oibre déanta chun na bunachair shonraí a bhaineann leis an gCathair agus leis an gContae faoi seach a chónascadh agus chun aon bhunachar sonraí amháin a dhéanamh díobh agus tá súil leis go mbeidh an obair i gcrích sa tríú ráithe de 2016.

• Cuireadh aighneacht chuimsitheach chuig EirGrid maidir le tionscadail 25 d'Eangach EirGrid.

• Tugadh Straitéis Forbartha Thriantán an Ghlasbhealaigh chun críche in 2015.

• Ullmhaíodh tuarascáil phleanála chuimsitheach d'Aighneacht maidir le leathnú Theorainn Chathair Phort Láirge.

• Bhí ionchur in Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh agus in iarratais phleanála faoi Chuid VIII i rith na bliana.

• Tá an Plean Oidhreachta faoi athbhreithniú faoi láthair agus tá sé i gceist é bheith críochnaithe faoi cheann an ceathrú Ráithe de 2016.

• Bunaíodh Fóram Oidhreachta don Chathair agus don Chontae.

Leithdháileadh airgead agus cuireadh oibreacha i gcrích faoi Chiste na Struchtúr i mBaol 2015.

• Reáchtáladh an imeacht 'Behind Closed Doors' den chéad uair i gCathair Phort Láirge i mí Dheireadh Fómhair 2015.

• Rinneadh oibreacha athchóirithe ar uimir 1,2,4 agus 5 Cearnóg na hArdeaglaise, agus cuireadh adhmad agus gnéithe meánaoiseeacha eile ar ais ina riocht bunaidh.

Dheonaigh an Chomhairle Oidhreachta **€10,000** ar Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge le haghaidh obair chothabhála agus obair dheisiúcháin faoi Scéim Líonra Múrbhailte na hÉireann

Fiontar agus Forbairt Eacnamúil (14) Lar Power, Stiúrthóir Seirbhísí

1 CPS Cathairleach: An Comhairleoir Liam Brazil

6 Ionadaí Roinne

1.	Gnó	Brendan Cummins
2.	Ceardchumann	David Lane
3.	Feirmeoireacht	Mark Connors
4.	Comhshaol	Samantha Richardson
5.	Cuimsiú Sóisialta	Andrea Galgey,
6.	Pobal agus Deonach	Gerty Murphy

7 gComhairleoir

1.	An Comhairleoir
2.	An Comhairleoir
3.	An Comhairleoir Pat
4.	An Comhairleoir
5.	An Comhairleoir Pat
6.	An Comhairleoir
7.	An Comhairleoir

Pleanáil (12) Lar Power, Stiúrthóir Seirbhísí

1 CPS Cathairleach: An Comhairleoir M.J. O'Ryan

6 Chomhairleoir

1.	An Comhairleoir Joe
2.	An Comhairleoir Tom
3.	An Comhairleoir Jason
4.	An Comhairleoir Seanie
5.	An Comhairleoir James
6.	An Comhairleoir Siobhan

5 Ionadaí Roinne

Tionóladh trí chruinniú CPS in 2015 (4/3/15, 3/6/15 agus 4/11/15).

Doiciméid pholasaí arna gceadú ag an CPS chun bheith glactha ag Cruinniú Iomlánach den Chomhairle in 2015

- **Dréacht-Scéim Gaeilge - moladh an scéim sin a chur faoi bhráid Cruinniú Iomlán den Chomhairle i mí Aibreáin.**
- **An Polasaí Glacadh ar Láimh arna mholadh - moladh polasaí leasaithe a ghlacadh agus a chur faoi bhráid Cruinniú Iomlán den Chomhairle i mí na Nollag**

1.	Comhshaol	John Galloway
2.	Gnó	Anne Marie Rossiter
3.	Pobal agus Deonach	John O'Donnell
4.	Feirmeoireacht	John Fitzgerald
5.	Cuimsiú Sóisialta	Donal Lehane

Bainistíonn an Roinn um Bainistíocht Mhaoin Sealbhais talamh agus maoin sealbhais (seachas tithe údaráis áitiúil) faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Oibríonn an Roinn le stiúrthóireachtaí éagsúla sa Chomhairle chun an úsáid is fearr a dhéanamh de bhanc talún na Comhairle agus faigheann seilbh ar chearta talún agus maoine sealbhais a theastaíonn ón gComhairle le haghaidh tionscadail bhonneagair éagsúla dá cuid.

Tugadh chun críche éadáil phunann maoin sealbhais ó Iontaobhaithe Ospidéil an Spioraid Naoimh taobh istigh den Triantán Lochlannach i nDeireadh Fómhair 2012. Tugann an Roinn um Bainistíocht Mhaoin Sealbhais tacaíocht igo leanúnach d'obair chomhlachta nua-bhunaithe, 'Viking Triangle Trust' i ndáil lena bhainistiú.

In 2015 chríochnaigh an Chomhairle an t-athchóiriú ar uimhir 121/122, an Ché, agus thug an t-áitreabh ar léas do Bhialann McLeary.

Forbraíodh scéim tithíochta 'Chairman's Arch' tar éis seilbh a fháil ar roinnt maoine sealbhais tréigthe agus rinneadh athchóiriú ar uimhir 1 agus 2, Cearnóg na hArdeaglaise.

Chuaigh an Roinn um Bainistíocht Mhaoin Sealbhais i mbun oibre ar bhonn leanúnach leis an UCM (Údarás Clárúcháin Maoine) - Clárlann na Talún am dá raibh - chun feabhas a chur ar eolas frithpháirteach ar thaifid bhanc talún

Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Bhí Iar-Chomhairle Cathrach Phort Láirge ar an gcéad Údarás a d'iarr sonraí faoi úinéireacht dhigiteach ón UCM.

Déanann an Roinn um Bainistíocht Maoin sealbhais i gcomhar le Comhordaitheoir GIS iniúchadh go leanúnach ar éifeacht chónascadh na Cathrach agus an Chontae ar thaifid an bhainc talún/mhaoin sealbhais atá á gcoinneáil ag an dá údarás, ar conas faisnéis a chur i láthair go digiteach agus ar conas córas bainistíochta oiriúnach a dhéanamh le haghaidh sin.

Liosta de Thionscadail na bliana 2015

- Seilbh a fháil ar Oifig Sórtála iar-Oifig an Phoist ag an gCé.
- Seilbh a fháil ar an Sean-Stáisiún Iarnróid i dTrá Mhór.
- Seilbh a fháil ar 3.6 acra ag Curraichín/Spring, Dún Garbhán.
- Iar-Oifigí i Tankfield, Trá Mhór a thabhairt ar Léas do nearFORM.
- Cuireadh tús le próiseas Ordaithe Ceannaigh Éigeantaigh chun críoch a chur ar an nGlasbhealach ag Rinn na Saileog, i gCuan Dhún Garbhán.

- Ordú Ceannaigh Éigeantaigh de thart ar 20 acra de Pháirc Bhaile Thrá Mhór.
- Síneadh a chur leis an léas a tugadh d'Ionad Oidhreachta Phort Lách.
- Maoin sealbhais a thabhairt ar léas do Chumann Slatiascairí Bradán Cheapach Choinn.
- Maoin sealbhais a thabhairt ar léas do Ghrúpa Gasóga Bhaile Mhac Cairbre.
- Léasanna maidir le Cléirtheach Ardeaglaise a fháil ó Dheoise Phort Láirge agus Leasa Móire.
- Cuireadh tús le seilbh a fháil ar Theach Deirce Thulach an Iarainn.
- Seilbh a fháil ar láithreán ar an mBóthar Buí Íochtarach/mBóthar Míleata.
- Diúscairt Tithe a athshealbhaíodh (loic ar íocaíochtaí morgáiste).
- Líon beag tithe ar fuarthas seilbh orthu le haghaidh stoc tithíochta.
- Díolachán ruílsí de réir mar a tháinig siad chun cinn.
- Seilbh a fháil ar thithe éagsúla faoi Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000.

Tá sé d’aidhm ag Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge cóiríocht shábháilte ar ardchaighdeán a chur ar fáil do na daoine is mó a ngá agus dul i mbun oibre chun deireadh a chur le heaspa dídine.

Céatadán na nIarratas ar Obair Chothabhála a ndearnadh réiteach in 2015

Líon na dtíthe folmha a ndearnadh ath-eadráin ina leith in 2015
Meánseal próiseála maoin sealbhais folaimh de réir míonna

7244 96% 153 3

Ag aon tráth ar bith ní bhíonn ach 1.4% den stoc

tithíochta iomlán folamh

Líon na dtithe a ndearnadh an t-insliú iontu a uasghrádú
Líon na dtithe a ndeachaigh scéim SEAI chun tairbhe dóibh
Líon na dteaghaisí príobháideacha ar cíos a ndearnadh iniúchadh orthu faon BTCP
(Bord Um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha)

716 84 785

51

Déanann Seirbhís Dóiteáin Phort Láirge freagairt ar go leor cásanna éigeandála éagsúla agus ina theannta sin déanann monatóireacht agus tugann comhairle maidir le sábháilteacht ó dhóiteán sa timpeallacht foirgníochta.

Tá 135 dhuine fostaithe sa tseirbhís ar a n-áirítear oifigigh, comhraiceoirí dóiteáin lánaimseartha agus páirtaimseartha, tacaíocht riaracháin agus meicneoir briogáide.
Tá deich gcinn de stáisiúin ag an tseirbhís faoi stiúir an Phríomh-Oifigigh Dhóiteáin.

Chuir Stáisiún Nua Dóiteáin Phort Láirge i gCill Bharra, Port Láirge, tús le hoibríochtaí i mí an Mheithimh 2015.

Tá an tSeirbhís Dóiteáin ar thús cadhnaíochta maidir le freagairt Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge ar chásanna éigeandála de chineál ar bith a phleanáil agus a ullmhú.

Déantar sin trí Phlean Móréigeandála a ullmhú agus a fheidhmiú agus trí chomhairle a sholáthar faoi fhreagairtí comhordaithe ar chásanna éigeandála seachas móréigeandálaí.

- Dréachtaíodh Plean Móréigeandálaí nua do Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus ghlac an Lucht Bainistíthe leis i Márta 2015.
- Tá an Chomhairle ag cur dréachtphlean um Drochaimsir i dtoll a cháile mar fhreagairt ar chúrsaí drochaimsire le déanaí.

- Tá tús curtha le tionscadal Plean Aslonnaithe sa chás go dtárlódh móréigeandáil.

Bhí Briogáidí i láthair ag **1337** dteagmhas in 2015: thug freagairtí do 777 nGlao maidir le Dóiteán, do 383 nGlao maidir le Seirbhísí Speisialta agus do 178 nGáir Bréige.

1337

Tá réimse leathan eachtraí i gceist le teagmhais seirbhíse speisialta ach áirítear orthu tionóiscí tráchta bóthair, guaiseacha bóthair, teagmhais cheimiceacha, tuilte, tarrtháil ó abhainn, aisghabháil choirp ó abhainn agus cosaint ó dhóiteáin a sholáthar i ndáil le tuirlingtí héileacaptair an Gharda Chósta sa Chathair.

Bhí laghdú ar an achar ama ón nglao go dtí an teacht i láthair maidir le idir bhriogáidí lánaimseartha agus bhriogáidí ar áirithíocht sa bhliain 2015 i gcomórtas leis an mbliain 2014. I gcás na mbriogáidí ar áirithíocht bhí laghdú ó 5 nóim 28 soic go 5 nóim 8 soic agus i gcás na mbriogáidí lánaimseartha bhí laghdú ó 1 nóim 36 soic go dtí 1 nóim 30 soic.

Rinneadh athbhreithniú ar oiliúint briogáide go luath in 2015 agus cuireadh liosta tosaíochta maidir le hoiliúint i dtoll a chéile. Rinneadh an oiliúint ar fad a dtabharfar tosaíocht di i rith na bliana, lena n-áirítear na cúrsaí seo a leanas: feasacht ar uisce, bheith ag obair i bhfad os cionn talaimh, imbhualadh tráchta, freagairt aerfoirt, gaireas análaithe, cúr aeir comhbhrúite, oibriú ardáin hiodrálaigh agus tiomáint.

Cuireann an tseirbhís dóiteáin an tsábháilteacht ó dhóiteán chun cinn ar roinnt bealaí: Áitreabh a iniúchadh agus comhairle a thabhairt d'úinéirí foirgneamh, Iarratais ar Cheadúnais i leith deochanna meisciúla a thuarisciú do na Cúirteanna, Sábháilteacht Dóiteáin a fhorfheidhmiú trí fhógraí a sheirbheáladh nuair is gá, Measúnú a dhéanamh ar iarratais um dheimhniú sábháilteachta ó dhóiteán, Comhairle a thabhairt don Údarás Pleanála maidir le hiarratais phleanála, Stáisiúin pheitril a iniúchadh agus a cheadúnú agus Tionscnaimh Shábháilteachta Pobail ó Dhóiteán ar nós an Clár Tríú,

Rang, Seachtain na Sábháilteachta ó Dhóiteáin agus feachtais a thionscnaítear sna meáin chumarsáide.

• Pléadh ceist na dtuarascálacha ag CPS i mí Eanáir 2015 agus aontaíodh go gcuirfí tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí na Seirbhísí Éigeandála uile faoi bhráid chruinnithe iomlánacha agus Ceantair na Comhairle. Dhéanfaí gníomhaíochtaí briogáide i gceantair áirithe a aibhsiú.

• Téann an tseirbhís dóiteáin i dteagmháil leis na meáin cumarsáide áitiúla chun tionscnaimh phobail um shábháilteacht ó dhóiteán a aibhsiú. Rinneadh sin i rith Sheachtain na Sábháilteachta ó Dhóiteáin, roimh Oíche Shamhna agus roimh Nollaig.

• Rinneadh áitreabh i mbaol a catagóiriú agus tá iniúchadh á dhéanamh ar bhonn leanúnach ar na háitribh uile a mbaineann baol mór leo agus tá súil lena bheith críochnaithe faoi cheann an ceathrú ráithe den bhliain 2016.

• Fuarthas 69 n-iarratas ar dheimhniú sábháilteachta ó dhóiteán in 2015 agus cuireadh an próiseas reachtúil ina leith uile i gcrích laistigh de ocht seachtaine. Is é ocht seachtaine an tréimhse ama a leagtar síos don phróiseas reachtúil sin ó thús deireadh.
'

Tá sé de chúram ar an Roinn um Rialú Foirgníochta feidhmeanna Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge faoi na Rialacháin um Rialú Foirgníochta 2007-2015 a fheidhmiú.

Líon na bhFógraí tús Feidhme a fuarthas

Líon na nDeimhnithe Críochnaithe

Líon na dTeastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas

Déileáladh leis na hiarratas uile laistigh de na teorainneacha ama reachtúla

Civil Defence	
Civil Defence	Cosaint Shibhialta

Is eagraíocht freagartha éigeandála ar bhonn deonach í an Chosaint Shibhialta. Is fórsa taca é an Chosaint Shibhialta do sheirbhísí éigeandála na líne tosaigh, m.sh. déileáiltear le himthosca crua-aimsire nó le cuardach ar dhaoine ar iarraidh agus bíonn gníomhaíochtaí tacaíochta pobail eile le déanaimh aici, m.sh. clúdach garchabhrach a sholáthar ag imeachtaí áitiúla agus náisiúnta. 6 Feidhmíonn an Chosaint Shibhialta ag leibhéal náisiúnta faoi choimirce na Roinne Cosanta agus soláthraítear seirbhís tríd an Údarás Áitiúil.

Líon iomlán na n-oibrithe deonacha in 2015

Líon na mbeart a rinneadh in 2015

Líon na ngníomhaíochtaí a rinneadh in 2015

- Bearta Seirbhíse ina n-Iomláine
- Bearta Uisce Réigiúnacha
- Monatóireacht Náisiúnta ar Radaíocht
- Seirbhísí Éigeandála Deonacha - 9 lá ag cuardach daoine ar iarraidh
- Beart Muirí Idirghníomhaireachta
- Beart Cuardaigh - 2 lá Turas Seán Kelly

- 119 n-oíche traenála
- 88 n-dualgas ar a n-áirítear:
  - 20 lá Winterval

In 2015 sáraíodh an sprioc a leagadh síos maidir le 5 bheart agus rinneadh amhlaidh i gcás na sprice maidir le 100 gníomhaíocht.

Roads, Transportation and Safety Maintenance and Improvement of National Primary and Secondary Roads	
Roads, Transportation and Safety	Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht
Maintenance and Improvement of National Primary and Secondary Roads	Obair Chothabhála agus Feabhsúcháin ar Phríomhbhóithre agus ar Bhóithre den Dara Grád Náisiúnta

Rinneadh iniúchadh in 2015 ag féachaint i ndiaidh lochtanna ar an líonra iomlán de Phríomhbhóithre Agus De Bhóithre Den Dara Grád Náisiúnta i bPort Láirge.

An Fad i gCiliméadair de Phríomhbhóithre Náisiúnta a Neartaíodh

An Fad i gCiliméadair de Bhóithre den Dara Grád Náisiúnta a Neartaíodh

Maintenance and Improvement of Regional and Local Roads	
Maintenance and Improvement of Regional and Local Roads	Obair Chothabhála agus Feabhsúcháin ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

An Fad i gCiliméadair de Phríomhbhóithre Náisiúnta a Neartaíodh

An Fad i gCiliméadair de Dhromchla Bóithre Réigiúnacha a Cóiríodh
An Fad i gCiliméadair d'Oibreacháin Draenála Réigiúnacha ar Bhóithre

22 km

Fad na gCosán a ndearnadh Suirbhé orthu (Bóithre Réigiúnacha)
Líon na nDroichead a Deisíodh/Athchóiríodh (Bóithre Réigiúnacha)

7

An Fad i gCiliméadair de Bhóithre Áitiúla a Neartaíodh

38 km

An Fad i gCiliméadair de Dhromchla Bóithre Áitiúla a Cóiríodh
An Fad i gCiliméadair d'Oibreacháin Draenála Áitiúla ar Bhóithre
Líon na nDroichead a Deisíodh/Athchóiríodh

39 km
40 km 4

Strategic Policy Committees	Coistí um Polasaí Straitéiseach
Transportation Infrastructure and Fire	Iompar Bonneagar agus Dóiteán

Iompar Bonneagar agus Dóiteán (12)

Paul Daly, Stiúrthóir Seirbhísí Cúnta

1 CPS Cathaoirleach: An Comhairleoir Cha O'Neill

6 Chomhairleoir

1.	An Comhairleoir Mary Butler
2.	An Comhairleoir Pat Fitzgerald
3.	An Comhairleoir Joe Kelly
4.	An Comhairleoir Seamus O'Donnell
5.	An Comhairleoir Sean Reinhardt
6.	An Comhairleoir Adam Gary Wyse

5 Ionadaí Roinne

1.	Forbairt/Tógáil (CIF)	Tom O'Brien
2.	Gnó/Tráchtáil	George Kehoe
3.	Comhshaol	Jim Bowdren
4.	Cuimsiú Sóisialta	Garrett Wyse
5.	Pobal agus Deonach	James Coughlan

Tionóladh ceithre chruinniú CPS in 2015.

Seo a leanas polasaithe/fodhlíthe a rith an CPS:

- Toirmeasc ar fheithiclí 5 Acastóir ar shráideanna áirithe i gCathair Phort Láirge
- **Polasaí tarraingthe chun bealaigh**
- Nós Imeachta Achomhairc naidir le Dúnadh Sealadach Bóthair
- Polasaí Ceansú Tráchta
- Fodhlíthe Trá 2015
- Fodhlíthe um Thrácht agus Páirceáil i gCeantar na Cathrach
- Fodhlíthe um Thrácht agus Páirceáil i gCeantar Dhún Garbhán/Leasa Móire

• Fodhlíthe um Sheastáin Cheaptha i gCeantar na Cathrach

• Fodhlíthe um Sheastáin Cheaptha i gCeantar Dhún Garbhán/Leasa Móire

	Achoimre Airgeadais 2015		
Achoimre ar Chuntas Ioncaim	**2015 €m**		**2014 €m**
Iarmhéid Tosaigh an 1 Eanáir	- 8.7		- 8.9
Caiteachas don Bhliain	114.1		120.3
Aistrithe chuig Cúlchistí	5.9		7.7
	120.0		128.0
Ioncam don Bhliain			
Earraí agus Seirbhísí	38.1		43.7
Rátaí Tráchtála	33.4		33.3
	120.7		128.2
Farasbarr/(Easnamh) don Bhliain	0.7		0.2
Iarmhéid Deiridh an 31 Nollaig	- 8.0		- 8.7
Achoimre ar Chlár Comhardaithe			
Sócmhainní Seasta	2,149.8		2,131.0
Obair idir lámha	15.5		20.9

Fiachóirí Fadtéarmacha	77.4		79.4
Sócmhainní Reatha	37.4		62.1
Dliteanais Reatha	- 42.5		- 65.1
	2,237.6		2,228.3
Fiachóirí Fadtéarmacha	- 128.6		- 131.9
Glansócmhainní/(Dliteanais)	**2,109.0**		**2,096.4**
Ab ionann agus:			
Cuntas Caipitlithe	2,149.8		2,131.0
Obair idir lámha	12.7		20.0
Cúlchiste Ioncaim Sonrach	0.5		0.5
Cúlchiste Ioncaim Ginearálta	- 8.0		- 8.7
Iarmhéideanna Eile	- 46.0		- 46.4
Cúlchistí Iomlána	**2,109.0**		**2,096.4**

58

Council Expenses and Attendance	
Caiteachas agus Tinreamh Comhairle	Council Expenses and Attendance

Caiteachas ar Oiliúint agus ar Chomhdhálacha

	Caiteachas ar Oiliúint 2015	Caiteachas ar Chomhdhálacha		Caiteachas ar Oiliúint 2015	Caiteachas ar Chomhdhálacha 2015
An Comhairleoir Liam Brazil (FG)			An Comhairleoir Eddie Mulligan (FF)	€392.32	€678.49
An Comhairleoir Breda Brennan (SF)			An Comhairleoir Jason Murphy (FF)	€2211.37	€660.87

An Comhairleoir Mary Butler (FF)	€211.51		An Comhairleoir Pat Nugent (FG)	€1,133.24	€706.35
An Comhairleoir John Carey (FG)	€3,235.22	€516.41	An Comhairleoir Seamus O Donnell		
An Comhairleoir Declan Clune (SF)	€125.02		An Comhairleoir John O Leary (FF)	€2,451.01	€559.68
An Comhairleoir Joe Conway (Neamhspleách)	€3,400.31	€699.55	An Comhairleoir Cha O Neill (Neamhspleách)	€2,577.80	€475.54
An Comhairleoir Tom Cronin (FF)	€2,549.83	€629.98	An Comhairleoir Michael J O' Ryan (FF)		€699.61
An Comhairleoir John Cummins (FG)	€828.87	€699.45	An Comhairleoir Lola OSullivan (FG)		€504.57
An Comhairleoir Davy Daniels (Neamhspleách)			An Comhairleoir Seanie Power (FG)	€360.00	
An Comhairleoir Declan Doocey (FG)	€845.73		An Comhairleoir John Pratt (Lucht Oibre)	€2,604.02	€512.45
An Comhairleoir Pat Fitzgerald (SF)			An Comhairleoir Eamon Quinlan (FF)		
An Comhairleoir Damien Geoghegan (FG)	€2,098.30	€483.67	An Comhairleoir Seán Reinhardt (Neamhspleách)	€1,443.80	€598.33
An Comhairleoir Jim Griffin (SF)			An Comhairleoir Mary Roche (Neamhspleách)	€265.71	
An Comhairleoir Blaise Hannigan (Neamhspleách)			An Comhairleoir James Tobin (FF)	€1452.22	€700
An Comhairleoir John Hearne (SF)			An Comhairleoir Siobhan Whelan (SF)	€50	
An Comhairleoir Joe Kelly (Neamhspleách)			An Comhairleoir Adam Gary Wyse (FF)		

	Líon iomlán na gcruinnithe a tionóladh in 2015	Líon iomlán na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu		Líon iomlán na gcruinnithe a tionóladh in 2015	Líon iomlán na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu
An Comhairleoir Liam Brazil (FG)	35	28	An Comhairleoir Eddie Mulligan (FF)	43	39
An Comhairleoir Breda Brennan (SF)	41	37	An Comhairleoir Jason Murphy (FF)	40	37
An Comhairleoir Mary Butler (FF)	34	32	An Comhairleoir Pat Nugent (FG)	41	33
An Comhairleoir John Carey (FG)	41	38	An Comhairleoir Seamus O Donnell (Neamhspleách)	36	26
An Comhairleoir Declan Clune (SF)	37	26	An Comhairleoir John O Leary (FF)	37	31
An Comhairleoir Joe Conway (Neamhspleách)	36	31	An Comhairleoir Cha O Neill (Neamhspleách)	41	33
An Comhairleoir Tom Cronin (FF)	34	31	An Comhairleoir Michael J O' Ryan (FF)	32	30
An Comhairleoir John Cummins (FG)	39	28	An Comhairleoir Lola OSullivan (FG)	39	33
An Comhairleoir Davy Daniels (Neamhspleách)	39	36	An Comhairleoir Seanie Power (FG)	36	33
An Comhairleoir Declan Doocey (FG)	39	36	An Comhairleoir John Pratt (Lucht Oibre)	39	32
An Comhairleoir Pat Fitzgerald (SF)	48	42	An Comhairleoir Eamon Quinlan (FF)	39	34
An Comhairleoir Damien Geoghegan (FG)	35	23	An Comhairleoir Seán Reinhardt (Neamhspleách))	42	31

An Comhairleoir Jim Griffin (SF)	37	33	An Comhairleoir Mary Roche (Neamhspleách)	41	34
An Comhairleoir Blaise Hannigan (Neamhspleách)	37	31	An Comhairleoir James Tobin (FF)	35	30
An Comhairleoir John Hearne (SF)	37	34	An Comhairleoir Siobhan Whelan (SF)	34	29
An Comhairleoir Joe Kelly (Neamhspleách)	42	29	An Comhairleoir Adam Gary Wyse (FF)	38	34

* Cruinnithe a áirítear: Cruinnithe Comhairle Iomlánacha, Cruinnithe Dúiche Cathrach, Cruinnithe Speisialta, Cruinnithe CPSanna agus CCPanna (Comhchoiste Póilíneachta)